

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁCDL		Leathanach: 1de 8

1. Réamhrá

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) i mí Iúil 2013 trí chumasc dhá Choiste Gairmoideachais (CGOanna): CGO Chontae Bhaile Átha Cliath agus CGO Dhún Laoghaire. Ina dhiaidh sin, ionchorpraíodh trí Ionad Oiliúna SOLAS (FÁS roimhe seo) i mBaile Dúill, i mBaile Uí Lachnáin agus i dTamhlacht in BOOÁCDL i mí Eanáir 2014.

Is é an fhís atá againn ceannaireacht ghníomhach a ghlacadh ar sholáthar oideachais agus oiliúna d’ardchaighdeán.

Is é misean BOOÁCDL raon leathan clár, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún BOOÁCDL.

2. Cuspóir agus Raon

Baineann forálacha an Chóid le gach ball foirne atá fostaithe ag BOOÁCDL agus iad ag comhlíonadh a ndualgas ó lá go lá.

Tá an Cód ullmhaithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas BOOanna (Imlitir 02/2019) agus leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriúcháin (2016).

Ní sháraíonn forálacha an Chóid ceanglais reachtúla ná oibleagáidí eile atá leagtha síos ag an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, Achtanna na gCuideachtaí, reachtaíocht Eitice, reachtaíocht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ná aon reachtaíocht ábhartha eile (e.g. reachtaíocht maidir le Comhionannas, reachtaíocht Fostaíochta).

Tá na prionsabail ghinearálta agus na caighdeáin a rialaíonn gníomhaíochtaí gairmiúla agus iompar an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus fhoireann BOOÁCDL leagtha amach sa Chód Iompair, agus, ar an gcaoi sin, comhlíontar na ceanglais maidir le hionracas, dílseacht, rúndacht agus cothroime, chomh maith le leibhéal ard muiníne poiblí sa BOO mar chomhlacht poiblí agus mar fhostóir a chothabháil.

Tá forálacha an Chóid Iompair coimhdeach leis na ceanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais maidir le Rialachas BOOanna*, agus is cuid de Théarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta gach baill foirne iad.

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ AN CHÓIP ÍOSLÓDÁILTE AGUS/NÓ AN CHÓIP CHRUA NEAMHRIALAITHE

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁCDL		Leathanach: 3 de 9

Tá ar an bhfoireann cloí le beartais agus nósanna imeachta, rialacháin foirne, rialacha oibre agus aon chaighdeáin agus cóid chleachtais a ghlac BOOÁCDL. Tá an cód iompair seo ceangailteach ar gach ball foirne (lena n-áirítear iad siúd ar shaoire, ar bhriseadh gairme, etc.).

Ar mhaithe le soiléireacht, i gcás nach ndéantar an t-idirdhealú go soiléir, tagraíonn an téarma foireann d’fhoireann BOOÁCDL agus don Phríomhfheidhmeannach. Áirítear leis freisin foireann atá ag obair in BOOÁCDL trí ghníomhaireacht.

3. Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an chóid iompair:

1. Tacar comhaontaithe de phrionsabail eiticíúla a leagan amach lena stiúran BOOÁCDL a ghnó
2. Muinín agus iontaobh sa BOO a chur chun cinn agus a chothabháil
3. Cosc a chur ar fhorbairt cleachtas mí-eiticíúil nó glacadh leo.

4. Prionsabail Ghinearálta

Baineann an Cód Iompair le gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha an BOO araon. Pé áit a mbímid ag feidhmiú, ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar ár ngnó a stiúradh agus a bhainistiú go héifeachtach, go héifeachtúil agus go hoibiachtúil ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealach atá comhsheasmhach leis na caighdeáin ghairmiúla is airde maidir le cuntasacht agus freagracht agus de réir an dlí.

Tá BOOÁCDL tiomanta a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích de réir a chúraim reachtúil agus gach reachtaíochta ábhartha, agus é ag cloí leis na prionsabail bhunúsacha lonracais, Dílseachta agus Cothroime.

Ionracas [gan muid féin a chur faoi aon oibleagáid airgeadais ná oibleagáid eile i leith daoine aonair nó eagraíochtaí seachtracha a d’fhéadfadh tionchar a imirt orainn i gcomhlíonadh ár ndualgas.

(i) *Coinbhleacht Leasa*

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ AN CHÓIP ÍOSLÓDÁILTE AGUS/NÓ AN CHÓIP CHRUA NEAMHRIALAITHE

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁCDL		Leathanach: 4 de 9

Níor cheart don Bhainistíocht ná don Fhoireann a bheith páirteach i bhfostaíocht sheachtrach ná i leasanna gnó atá i gcoinbhleacht, nó a d’fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht, le hobair nó gnó BOOÁCDL.

Sa chás go dtagann coinbhleacht den sórt sin chun cinn, ba cheart don bhainistíocht nó don fhoireann nochtadh a dhéanamh láithreach ar aon fhostaíocht sheachtrach nó leasanna gnó atá i gcoinbhleacht, nó a d’fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht, le gnó an BOO.

Ní mór freisin gach leas dá leithéid de chuid tuismitheora, seantuismitheora, dearthár, deirféar, céile, páirtnéara sibhialta, leanaí nó leas-leanaí, comhlachta corpraithe a bhfuil baint ag an gcomhalta leis, nó aon duine ghaolmhair eile a mhéid is eol dóibh iad a nochtadh.

Ba cheart d’aon duine a rinne leas a nochtadh:

- gan tionchar a imirt, ná iarracht a dhéanamh tionchar a imirt, ar chinneadh a dhéanfar maidir leis an ábhar
- gan aon mholtaí a dhéanamh maidir leis an ábhar, leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú
- a bheith neamhláithreach ó chruinnithe nó ó chodanna de chruinnithe ina bhfuil an t-ábhar á phlé
- gan páirt ar bith a ghlacadh in aon bhreithniúchán a bhaineann leis an ábhar
- gan vóta a chaitheamh ar chinneadh a bhaineann leis an ábhar
- gan faisnéis ná ábhair a bhaineann leis an ábhar a choinneáil.

Tá dualgas rúndachta ar an bhfoireann agus ar an POF maidir leis an ábhar, agus maireann an dualgas sin i ndiaidh fhoirceannadh na fostaíochta nó an cheapacháin

(ii) Tuairisciú

Áiritheoidh BOOÁCDL go léiríonn a thuarascáil bhliantúil agus a ráitis airgeadais a chuid oibre agus a fheidhmíocht ghnó go cruinn, agus nach bhfuil siad míthreorach ná ceaptha le bheith míthreorach.

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁCDL		Leathanach: 5 de 9

(iii) *Soláthar*

Ba cheart soláthar earraí/seirbhísí a dhéanamh i gcomhréir leis na dea-chleachtais ghnó is fearr. Ní mór orduithe agus conarthaí a bhronnadh go neamhchlaonta agus ar bhonn tuillteanais trí iomaíocht chóir, i gcomhréir le rialacha nósanna imeachta BOOÁCDL agus le haon rialacha nósanna imeachta agus forálacha dlíthiúla eile is infheidhme. Ní mór do bhaill foirne a bhfuil baint ag a gcuid oibre le soláthar nó le ceapadh conraitheoirí aon chaidreamh príobháideach nó oifigiúil a bhí acu roimhe seo, nó atá acu faoi láthair, le conraitheoirí ábhartha a nochtadh don Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta. I gcás go nochtar coinbhleacht leasa, coimeádann BOOÁCDL an ceart an ball foirne a bhaint ó aon rannpháirtíocht dhíreach nó indíreach sa chás lena mbaineann.

(iv) *Bronntanais agus fáilteachas*

Ba cheart bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, cóir fhabhrach nó sochair a thabhairt nó a ghlacadh a sheachaint, más rud é go bhféadfadh siad tionchar a imirt, nó an chosúlacht a chruthú go bhféadfadh siad tionchar a imirt, ar chumas an deontóra nó an fhaighteora breithiúnas neamhspleách a dhéanamh ar idirbhearta gnó.

Dá réir sin, ní iarrann ná ní spreagann an BOO bronntanais ná fáilteachas, agus i gcás go nglactar leo, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

- tá cosc ar fháilteachas agus bronntanais a ghlacadh ná a fháil ó iarratasóir ar chonradh nó ar mhaoiniú
- d’fhéadfadh iarratasóir ar chonradh nó ar mhaoiniú a dhéanann fáilteachais agus bronntanais a thairiscint nó a thabhairt an t-iarratas sin a dhícháiliú.

Ní sholáthraíonn an BOO bronntanais chorparáideacha, fáilteachas (seachas gnáthchúirtéis ghnó), cóir fhabhrach ná sochair do sholáthraithe ná d’aon pháirtí lena ndéanann sé gnó.

Go heisceachtúil, féadfaidh scoileanna/lárionaid BOO crannchuir a eagrú do mhúinteoirí agus do dhaltaí/scoláirí chun rannpháirtíocht sa staidéar a spreagadh.

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ AN CHÓIP ÍOSLÓDÁILTE AGUS/NÓ AN CHÓIP CHRUA NEAMHRIALAITHE

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁCDL		Leathanach: 6 de 9

Ar ócáid den sórt sin, beidh an BOO airdeallach ar chothroime agus ar chomhionannas deiseanna, agus níor cheart go mbeadh an luach iomarcach (níor cheart go sáródh duaiseanna €50).

(v) *Costais*

Ní mór do gach ball foirne a chinntiú go gcothaítear cultúr nach ndéantar éilimh ar chaiteachais ach amháin nuair is iomchuí iad do riachtanais ghnó agus nuair atá siad i gcomhréir le dea-chleachtas san earnáil phoiblí i gcoitinne (Tagairt: Beartas BOO maidir le hÉilimh ar íocaíocht agus costais).

(vi) *Nochtadh faoi Rún*

Tá an BOO tiomanta do na caighdeáin is airde is féidir maidir le hoscailteacht, macántacht agus cuntasacht, agus táthar ag súil go dtuairisceoidh baill foirne a thagann ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a mheasann siad a bheith neamhrialta, míchuí nó eile an t-ábhar a thuairisciú, agus iad ag gníomhú i gcomhréir lena gcearta faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus faoi Nós Imeachta um Nochtadh Cosanta an BOO.

5. Faisnéis

Tacaíonn bainistíocht agus foireann an BOO le rochtain ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí an BOO a chur ar fáil ar bhealach atá oscailte agus a fheabhsaíonn a chuntasacht don phobal i gcoitinne.

Tugann BOOÁCDL meas ar rúndacht na faisnéise íogaire a bhíonn á coinneáil aige. Áirítear leis sin ábhar amhail:

- Faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, pleananna amach anseo nó sonraí maidir le hathruithe móra eagraíochtúla nó eile amhail athstruchtúrú)
- faisnéis phearsanta agus
- faisnéis a fhaightear faoi rún ag an BOO.

Cloíonn an BOO le nósanna imeachta comhairliúcháin roimh ré iomchuí le tríú páirtithe i gcásanna eisceachtúla ina mbeartaítear faisnéis íogair a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail.

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁCDL		Leathanach: 7 de 9

Cloíonn an BOO le forálacha reachtúla ábhartha (e.g. RGCS/cosaint sonraí agus reachtaíocht um Shaoirse Faisnéise).

6. Oibleagáidí

Tá BOOÁCDL tiomanta do na gníomhartha seo:

- Na hoibleagáidí rialála agus reachtúla uile a chomhlíonadh mar a fhorchuirtear iad leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus le reachtaíocht ábhartha eile.
- Nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus soláthair a chomhlíonadh, agus cloí leis na leibhéil údaraithe fhorordaithe maidir le haon chaiteachas ábhartha a cheadú.
- Rialuithe a chur i bhfeidhm chun calaois a chosc, lena n-áirítear rialuithe leordhóthanacha chun a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta forordaithe maidir le héilimh ar chostais i leith taisteal gnó.
- A chinntiú go gcomhoibríonn gach fostaí le hiniúchtaí inmheánacha sa phróiseas iniúchta inmheánaigh.
- Comhlíonadh na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an BOO maidir le cásanna coinbhleachta leasa, lena n-áirítear maidir le glacadh le poist tar éis fostaíocht agus/nó rannpháirtíocht leis an BOO a d’fhéadfadh coinbhleachtaí leasa agus imní rúndachta a chruthú.
- Aitheantas a thabhairt d’oibleagáid gach duine cloí leis na caighdeáin is airde in eitic ghnó.
- Cultúr ‘labhairt amach’ a chothú agus a chur chun cinn ina bhféadfaidh fostaithe ábhar imní a ardú maidir le mí-iompar tromchúiseach san ionad oibre gan eagla roimh bhearta díoltais. Chuige sin, cinnteoidh BOOÁCDL go mbeidh deis ag fostaithe aon ábhar imní atá acu a ardú maidir le neamhrialtachtaí féideartha a bhaineann le dualgais agus oibleagáidí na heagraíochta nó le nithe a d’fhéadfadh riosca a chruthú don eagraíocht. Déileálfar le hábhair imní fostaithe faoi rún, agus ní chuirfear aon duine a thuairiscíonn neamhrialtachtaí nó mí-iompar féideartha faoi aon chineál íospartha.

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁCDL		Leathanach: 8 de 9

7. Dílseacht

Aithníonn Príomhfheidhmeannach agus foireann BOOÁCDL a bhfreagracht a bheith dílis don BOO agus a bheith tiomanta go hiomlán dá chuid oibre agus dá ghníomhaíochtaí gnó go léir, agus iad, san am céanna, aireach go gcaithfidh an BOO leasanna a chuid foghlaimeoirí agus a mhaoinitheoirí, lena n-áirítear cáiníocóirí, a chur san áireamh i gcónaí.

8. Cothroime

Tá BOOÁCDL tiomanta do chothroime agus do phróiseas cuí maidir le seoladh a ghníomhaíochtaí, agus geallann sé ach go háirithe:

- Cloí le reachtaíocht maidir le comhionannas fostaíochta agus stádas comhionann
- A bheith tiomanta do chothroime i ngach déileáil ghnó
- Luach a chur ar fhoghlaimeoirí/chustaiméirí agus caitheamh go cothrom le gach foghlaimeoir/custaiméir.

9. Timpeallacht Oibre/Sheachtrach

Tá BOOÁCDL tiomanta do na gníomhartha seo:

- An tosaíocht is airde a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú.
- A chinntiú go gcuirtear imní an phobail san áireamh go hiomlán.
- Aon tionchar díobhálach féideartha ó na hoibríochtaí ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

10. Freagrachtaí agus scaipeadh faisnéise

Scaipfear Cód Iompair BOOÁCDL chuig gach fostaí lena choinneáil.

Déanfar an cód seo a athbhreithniú gach dhá go trí bliana nó níos minice, más gá.

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁC DL	
	Tagairt: PD - HR -001	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Cód Cleachtais d’Fhostaithe BOOÁC DL		Leathanach: 9 de 9

Dearbhú Leasanna Fostaí
Príobháideach agus Faoi Rún

AINM: _____

Grád/Teideal an Phoist: _____

Roinn/Rannóg _____

		<i>Tá</i>	<i>Níl</i>	<i>Má tá, tabhair tuilleadh eolais ar an leas pearsanta</i>
1	An bhfuil aon leasanna pearsanta agat a mheasann tú a chruthaíonn coinbhleacht, nó a d’fhéadfadh coinbhleacht a chruthú, le leasanna an BOO?			
2	An bhfuil aon leas agat, nó ag aon duine a chónaíonn leat, nó ag aon bhall de do theaghlach nó dlúthchara pearsanta leat, i ngnó nó i gconradh atá, nó a d’fhéadfadh a bheith, i gcaidreamh gnó leis an BOO?			
3	An bhfuil aon leasanna airgeadais agat a d’fhéadfadh coimhlínt a chruthú le leasanna an BOO?			
4	An bhfuil aon leasanna eile agat ar mhaith leat a dhearbhu?			

Sínithe ag: _____

Dáta: _____

Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe, cuir ar aghaidh í chuig an POF/Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta lena taifeadadh agus lena coinneáil.

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ AN CHÓIP ÍOSLÓDÁILTE AGUS/NÓ AN CHÓIP CHRUA NEAMHRIALAITHE